

**crawford art gallery cork**  
áiléar crawford chorcaigh

**DÁNLANN CRAWFORD CHORCAÍ**  
**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**  
**2015**

# CLÁR ÁBHAR

<b>BROLLACH.....</b>	<b>3</b>
<b>RÉAMHRÁ.....</b>	<b>5</b>
Bord Stiúrthóirí 2015 .....	7
An Fo-Choiste Airgeadais agus Dlíthiúil .....	7
An Fo-Choiste Iniúchóireachta.....	7
An Fo-Choiste um Beartas Ealaíontóireachta.....	7
<b>ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2015.....</b>	<b>8</b>
<b>AN BAILIÚCHÁN BUAN 2015 .....</b>	<b>10</b>
AN CAOMHNÚ.....	11
AN LÁITHREÁN GRÉASÁIN AGUS AN CLÁR DIGITIÚCHÁIN .....	13
<b>CLÁR TAISPEÁNTAIS SEALADACH 2015 .....</b>	<b>14</b>
<b>AN CLÁR OIDEACHAIS 2015 .....</b>	<b>23</b>
Foghlaimítear agus Taiscéaltar 2015 .....	23
<b>Achoimre gníomhaíochtaí Oideachais Dhánlann Crawford 2015 .....</b>	<b>23</b>
Cláir leanúnacha .....	23
<b>MARGAÍOCHT DHÁNLANN CRAWFORD.....</b>	<b>28</b>
<b>CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD .....</b>	<b>28</b>
<b>LÍON NA gCUAIRTEOIRÍ .....</b>	<b>29</b>

## BROLLACH

Is mór an t-ardú meanman dom chun tuairisc a thabhairt ar son an Bhoird Stiúrthóirí i leith an-bhliain do Dhánlann Crawford, bliain lenar áiríodh taispeántais tábhachtacha den ealaín stairiúil agus chomhaimseartha, leibhéal ard den taighde agus foilsiú acadúil, agus clár oideachais atá tar éis bheith níos gnóthaí ná riamh. Tá méadú staidéarach tar éis teacht ar líon na gcuaríteoirí, agus tá an freagra criticiúil do chlárú na Dánlainne tar éis bheith fiordhearfach.

Is uathúil í Dánlann Crawford in Éirinn sa mhéid is gur dánlann do na healaíona uaisle í nach bhfuil ceaptha don ealaín stairiúil amháin, ach d'ealaín na freacnairce freisin. Is amhlaidh leis an ról déach sin, lena mbaineann an taighde, an foilsiú agus éadail saothar stairiúil, chomh maith le saothar ealaíontóirí comhaimseartha a chur ar taispeáint agus cur a saothar leis an mbailiúchán freisin, ar sócmhainn chultúrtha fhíorspeisialta í an Crawford, do mhuintir Chorcaí agus don náisiún trí chéile.

Bhí an Dánlann in ann leibhéal sásúil seirbhíse don phobal a chothabháil sa bhliain 2015, in ainneoin na ndúshlán airgeadais leanúnacha. Agus í ina hInstitiúid Chultúrtha Náisiúnta (ICN), faigheann an Crawford a deontas i gcabhair bhliantúil ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Laistigh de chomhthéacs chomhroinnt mhéadaithe na seirbhísí le hICNí eile, le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann mar na cinn is mó díol suntais, is amhlaidh atáthar tar éis aitheantas Dhánlann Crawford a choinneáil agus a fheabhsú de réir mar a fhorbraítear socruithe oibre nua.

Tagann dúshlán úra leis an rath, agus b'amhlaidh mar sin a bhí an phleanáil straitéiseach don Dánlann ina comhchuid thábhachtach sa bhliain 2015, le béim ní ba mhó ar thaispeántais fhadtéarmacha agus ar fhorbairt bailiúchán. Ní fhéadfaimis leanúint ar aghaidh leis an saothar a dhéanaimid, agus leibhéal seirbhíse chomh hard sin a sholáthar, gan tacaíocht ón Roinn Ealaíon. Ba chomhlánú luachmhar do chlár na Dánlainne a sholáthair Cairde na Dánlainne freisin, go háirithe i limistéar na léachtaí agus na dturas. Bíonn saorchead isteach ann i gcónaí, agus is léiriú don ról tábhachtach a fheidhmíonn an Dánlann i soláthar an fheabhais chultúrtha, i gCorcaigh agus sa tír araon, é an méadú i líon na gcuaríteoirí a thagann chun an Crawford.

Ba mhaith liom buíochas an bhoird, agus na foirne go léir ag an Dánlann, a léiriú do na baill bhoird atá ag imeacht uainn, Declan Moylan, Jim Corr, Úna Feely, Sheila Maguire, Noel O’Keeffe agus Kevin Lonergan; agus buíochas a ghabháil leo as a rannchur lánchroíúil do bheogacht an Crawford. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Norah Norton, Vera Ryan, Frank Nyhan, Jim Corr, Ann Doherty agus Joe Hayden as ucht a rannchuir luachmhair leis na fo-choistí speisialtóireachta a bhunaigh an bord.

Bíonn ardmheas i gcónaí ag an mbord don fhoireann ag an Crawford, agus dá cumas chun clár dinimiciúil a sheachadadh in ainneoin na ndúshlán airgeadais.

***John R Bowen***  
**Cathaoirleach**



## RÉAMHRÁ

Chonacthas Dánlann Crawford ag daingniú a ról sa bhliain 2015 mar Institiúid Chultúrtha Náisiúnta, agus ag feabhsú an réimse leathain seirbhísí a sheachadann sí don phobal. *Figure/Abstract* as na taispeántais: Bhí rath ar *Sean Scully* agus *Kathy Prendergast OR* leis na léirmheastóirí agus leis an bpobal araon. *Figure /Abstract*: Osclaíodh *Sean Scully* chun comhtharlú le seachtó breithlá an ealaíontóra, agus a chun a chuid éachtaí mar thallann chruthaitheach Éireannach ar an stáitse idirnáisiúnta, agus ba dhíol suntais í *Kathy Prendergast OR* sa chaoi inar léirigh sí tiomantas Dhánlann Crawford do thaispeáint na healaíne comhuainí arb ábhartha í don lá inniu ann agus don todhchaí.

Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de, ba i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus le Bainc-Aontas Éireann, a léirigh Dánlann Crawford an chéad taispeántas mór den ealaín Éireannach i Londain le tríocha bliain anuas le *Art of a Nation: - Works from the AIB & Crawford Art Gallery's Collections*, arna thaispeáint ag na *Mall Galleries* ardchluíteacha, inar léiríodh ardán den ealaín Éireannach ón 19ú haois anuas go dtí an lá inniu ann.

Ag deireadh mhí na Nollag 2014 a shealbhaigh an Dánlann mar éadail ag ceant beagnach na cartlanna go léir sa cheardlann gloine daite le James Watson & Son, cuideachta istigh in Eochail a raibh rath uirthi idir deireadh an naoú céad déag chuig deireadh an fichiú céad. Osclaíodh taispeántas de shéasca saothar roghnaithe ón gcartlann sa Ghailearaí Uachtarach an 19 Eanáir 2015. Chuaigh an saothar um chaomhnú agus catalógú ar aghaidh in éineacht leis an taispeántas féin. Tá níos mó ná míle mír i gcartlann Watson, lena n-áirítear cúpla céad dearadh uiscethathach beag d'fhuinneoga gloine daite, líon comhchosúil cartún, nó dearthaí oibre lánsála, chomh maith le leabhair chuntais, clár-leabhair agus leabhar litreacha. Leanann an tionscadal taighde i leith Chartlann James Watson ar aghaidh, faoi cheannaireacht Vera Ryan.

Fuair an Dánlann roinnt deonuithe saothar ealaíne sa bhliain 2015. Ba é an ceann ba shuntasá i bhfad é an pictiúr ola *Laura by the side of her Adorer*, radharc ó Byron, leis an ealaíontóir ón 19ú céad Alfred Elmore a rugadh i gCloich na Coillte. Fágadh busta portráide *Eric Cross*, le Seamus Murphy, le huacht ó Leah Temple Lang. Deonaíodh pictiúr le Sean O'Sullivan "*Portrait of the Dwyer Sisters*" (1938) don dánlann, agus is díol suntais é toisc go léirítear ann daoine de mhuintir Dwyer,

úinéirí *Sunbeam Woollen Mills* agus a bhí go mór i saol gnó agus ealaíonta Chorcaí.

D'fhreastail os cionn 175,000 cuairteoir ar an Dánlann trí chéile idir míonna Eanáir agus na Nollag. Fuair an Dánlann a deontas i gcabhair sa bhliain 2015 mar ab amhlaidh sa bhliain roimhe sin, ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Choinnigh an Dánlann uirthi ag oscailt ar thráthnónta Déardaoine don phobal ó cheann ceann na bliana.

Mar ab amhlaidh riamh anall ba é bailiúchán buan Crawford, idir shaothair stairiúla agus comhuaineacha, ar ar díriodh gníomhaíochtaí na Dánlainne. Thug intéirneachtaí taighde cúnamh ríthábhachtach sa bhliain 2015 chun tuiscint agus eolas ar an mbailiúchán buan a fheabhsú.

Bhuail an bord stiúrthóirí le chéile sé huairé i gcaitheamh na bliana. Bhuail na fo-choistí inar pléadh saincheisteanna airgeadais agus dlíthiúla, beartas ealaíonta, agus iniúchadh, le céile go rialta; agus thug siad rannchur luachmhar d'fhorbairt phróifíil agus éifeachtúlacht oibriúcháin na Dánlainne. D'éirigh leis an Dánlann chun ionchais an phobail a shásamh, i dtéarmaí taispeántas, éadálacha agus tionscadal oideachais; le cúnamh ón Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ó oifigigh na Roinne. Agus Oifig na nOibreacha Poiblí ag feitheamh ar chríochnú aistriú an teidil dhlíthiúil don fhoirgneamh, ba é an bord agus lucht bainistíochta na Dánlainne a bhí i bhfeighil leanúnach ar chothabháil an fhoirgnimh féin.










B'ionann leithdháileadh deontais na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta don Dánlann don bhliain 2015 agus €1,356,247. Ba i mí Iúil 2015 a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar chuntais na Dánlainne don bhliain.

Ní fhéadfaí a dhath a bhíonn ar bun ag Dánlann Crawford a dhéanamh cheal tacaíochta ón Roinn Ealaíon, chomh maithe le go leor daoine aonair agus cuideachtaí. Tá an fhoireann go léir buíoch as an tacaíocht sin, agus as an saothar a rinne an Bord Stiúrthóirí, lena gcumasaítear an Crawford chun aidhmeanna bhunaitheoirí na Dánlainne a chomhlíonadh ach taithí shaibhriúil a sholáthar do bheatha daoine.

## BUNÚ FAOIN DLÍ





Bhuail bord stiúrthóirí na cuideachta “*Crawford Art Gallery Cork Ltd*”, a cláraíodh i mí na Samnha 2006, le chéile sé huaire sa bhliain 2015. Tá naonúr ball sa bhord, lena n-áirítear ainmniúcháin bhaill amháin ó Chomhairle Chathair Chorcaí, ó Chomhairle Comhairle Contae Chorcaí agus ó BOO Chorcaí. Ceaptar Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chathair Chorcaí *ex officio*.

### ***Bord Stiúrthóirí 2015***




-  John R. Bowen (Cathaoirleach)
-  Jim Corr
-  Úna Feely
-  Tim Brosnan
-  Ann Doherty, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chathair Chorcaí *ex officio*
-  Sheila Maguire
-  Kevin Lonergan
-  Noel O’Keeffe
-  Declan Moylan

Is stiúrthóirí cuideachta iad baill an Bhoird, atá cláraithe mar Chuideachta le Ceadúnas Ráthaíochta. Is é Peter Murray, Stiúrthóir na Dánlainne, atá ina Rúnaí Cuideachta





### ***An Fo-Choiste Airgeadais agus Dlíthiúil***

-  Ann Doherty (Cathaoirleach)
-  Joe Hayden
-  Frank Nyhan
-  Jim Corr

### ***An Fo-Choiste Iniúcháireachta***

-  Joe Hayden (Cathaoirleach)
-  Ann Doherty
-  Jim Corr

### ***An Fo-Choiste um Beartas Ealaíonta***

-  Sheila Maguire (Cathaoirleach)
-  Úna Feely
-  Vera Ryan
-  Norah Norton

## **ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2015**

Bhuail bord na Dánlainne le chéile ag eatraimh dhémhíosúla, ag maoirsiú na forbartha straitéisí, oibríochtaí agus clárúcháin, agus ag cur ar aghaidh an tionscnaimh um Sheirbhísí Comhroinnte. Ba iad Deloitte a sholáthair seirbhísí airgeadais agus cuntasáíochta i gcaitheamh na bliana.

Tugadh aghaidh ar chuid den easnamh foirne sa bhliain 2015, agus fearadh fáilte roimh cheadú agus cheapachán Cláraitheora. Is bac leanúnach í an easpa Oifigigh Mhargaíochta agus Forbartha do charnadh cistí agus do chur chun cinn na Dánlainne.

Leanadh ar aghaidh leis na taispeántais agus leis an gclár oideachais ag leibhéal táirgeachta agus cáilíochta ard. Is ann don rún go fóill chun úinéireacht fhoirgneamh na Dánlainne a aistriú chuig úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), agus chun úinéireacht an bhailiúcháin ealaíne a aistriú chuig an Aire go fóill. Cuireadh sraith feabhsúchán i bhfeidhm ar feitheamh an OPW ag glacadh úinéireachta an fhoirgnimh agus na dtailte. Áiríodh leo sin deisiúcháin don díon, uasghradú an Phainéil Aláirim Dóiteáin agus suiteáil córais nua CCTV.

Agus beagnach gach aon spás taispeántais sa Dánlann fós ar oscailt don phobal ó cheann ceann na bliana, chonacthas torthaí dearfacha sa dul chun cinn a rinneadh i leith uasghráduithe agus feabhsúchán.

## FOIREANN NA DÁNLAINE

- ✚ Stiúrthóir: Peter Murray
- ✚ Bainisteoir Oibríochtaí (páirtaimseartha): Norma Cuddihy
- ✚ Cláraitheoir: Jean O'Donovan
- ✚ Léiritheoir Taispeántas: Dawn Williams
- ✚ Léiritheoir Oideachais: Anne Boddaert
- ✚ Cúntóir Oideachais: Emma Klemencic
- ✚ Cuntais (páirtaimseartha): Catherine Nestor
- ✚ Freastalaí: Alex Walsh
- ✚ Freastalaí: Wendie Young
- ✚ Freastalaí: Philip Lyons
- ✚ Feitheoir: Gerard McAllen (páirtaimseartha)
- ✚ Feitheoir: Donal Lehane (páirtaimseartha)
- ✚ Feitheoir: Ann Kent (páirtaimseartha)
- ✚ Glantóir (páirtaimseartha): Margaret Kenneally
- ✚ Glantóir (páirtaimseartha): Rita Dee
- ✚ Glantóir (páirtaimseartha): Kathleen Madden
- ✚ Glantóir (páirtaimseartha): Betty O'Mahony

Baineann dúshlán nach beag leis an gcarnadh cistí, go háirithe an cumas chun ioncam a ghiniúint as a stuaim féin, óir gan Oifigeach Margaíochta agus Forbartha bheith ag an Dánlann.

## OILIÚINT FOIRNE

Fuair foireann na dánlainne oiliúint trí mhaoirsiú agus measúnú i mbun an phoist a fháil ar bhonn leanúnach. Ba leis an bhfoireann inti a sholáthair an Dánlann oiliúint ar bhunús leanúnach d'intéirigh ar socrúchán. Líonadh dhá phost Job Bridge go rathúil sa bhliain 2015.

Choinnigh foireann na dánlainne orthu ag fáil oiliúna speisialta inti ó shaineolaí is comhairleach i limistéar bainistiú cuairteoirí, sábháilteachta dóiteáin agus saincheisteanna sábháilteachta.

## TIONSCNAMH NA SEIRBHÍSÍ COMHROINTE

Chuathas ar aghaidh leis an saothar i leith an tionscadail Seirbhísí Comhroinnte i rith na bliana 2015, ag cur le tionscnaimh ar cuireadh tús leo sa bhliain 2012 agus atá ar siúl ó shin i leith. Cuimsíonn tionscnamh na Seirbhísí Comhroinnte cruinnithe stiúrthóirí Dhánlann Crawford, Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, le cruinnithe breise ag tarlú idir baill foirne i ndáil leis an

gCaomhnú, leis an Oideachas agus leis na Leabharlanna. Athbhreithníodh i rith na bliana 2015 freisin an cumas do sheirbhísí comhroinnte um Acmhainní Daonna (AD).

Ba faoi stiúir Cheann Caomhnaithe an Ghailearaí Náisiúnta Simone Mancini, a leanadh ar aghaidh leis an saothar um chlár intéirneachta comhroinnte don chaomhnú. Choinnigh an Leabharlann agus grúpa na gcartlann orthu ag comhroinnt saineolais agus faisnéise chun an rochtain ag cuairteoirí agus ag an bpobal ar sheirbhísí a mhéadú. Bhí réamh-phléanna ag an ngrúpa Oideachais chun plean a ullmhú d'fhorbairt fhadtéarmach na ndeiseanna don chomhoibriú.

Áirítear leis na tionscaimh do Sheirbhísí Comhroinnte síneadh a lorg do scéim árachais Imdhíonachta an rialtais, óna dtiocfadh coigilteas nach beag do Dhánlann Crawford dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Lean an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sna sála ar an togra úd sa bhliain 2015 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus táthar tar éis teacht ar chomhaontú i bprionsabal chun cumhdach árachais na hImdhíonachta a shíneadh, leis an dliteanas comh-iomlán ag méadú ó €190m chuig €1.9 billiún thar thréimhse chúig bliana.

I gcomhréir leis an gcomhaontú ar ar thángthas sa bhliain 2013, níor gearradh muirir ar bith idir na trí institiúid i leith íomhánna digiteacha.

## **FOIRGNEAMH NA DÁNLAINE**

Chuathas ar aghaidh leis an saothar i rith an chéad ráithe den bhliain 2015 i leith athnuachan na mbord leithdháilte agus an tsreangaithe leictrigh i bhfoirgneamh na Dánlainne féin. Cuireadh pleananna i dtoll a chéile freisin chun spéirsholas na Léachtlainne a athchur, a bhí tar éis meathlú agus a bhí ag éirí ina ábhar inní ó thaobh na sábháilteachta de.

## **BAILIÚCHÁN BUAN NA BLIANA 2015**

Baineadh leas as an nGailearaí Uachtarach ag tús na bliana chun sealbhú le déanaí na ndearthaí cartúin ghloine daite, na n-uiscedhathanna agus an ábhair chartlainne ó stiúideo gloine daite *James Watson and Co.* agus *James Watson and Son* a chur ar taispeánt, ar tháinig bláthú faoi in Eochail sa 19ú agus sa 20ú céad. Bhíodh aithne ar stiúideo Watson ar feadh na mblianta mar lárionad don fheabhas ealaíonta sa ghloine dhaite, agus léiríodh sa taispeántas sin os cionn 50 dearadh i leith fuinneog gloine daite, chomh maith le hábhar cartlainne ábhalmhór, agus ag léiriú

freisin roinnt de na dúshláin os comhair Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta na hÉireann agus caomhnú agus athchóiriú ag teastáil ó go leor den ábhar.

Reáchtáladh athchrochadh na saothar ealaíne sa bhailiúchán buan i nGailearaí Gibson, agus roinneadh é in dá théama de réir an tseomra; *W. B. Yeats: Family and Influences* agus *W.B. Yeats: Resonances*. Á mbaint den bhailiúchán buan chun comóradh 150 bliain ó bhreith W.B. Yeats, taiscéaladh sa taispeántas na naisc idir shaothair W.B. Yeats agus a dheartháir níos óige Jack B. Yeats, agus an oidhreacht a bhain lena shaothar ar ealaíontóirí eile i mbailiúchán Dhánlann Crawford.

Chonacthas na baill foirne ag roghnú na saothar is fearr leo ón mbailiúchán buan sa taispeántas *Our Choice* ar an dara hurlár den ghailearaí, laistigh den téama ‘Tráchtáil agus Béascna’. Bhain réimse éagsúil pictiúr agus priontaí leis an taispeántas, anuas ón 18ú haois chuig an am i láthair; agus léiríodh ann an chaoi ina bhfeidhmíonn na hidirbhearta sóisialta agus eacnamaíocha agus fórsaí an mhargaidh sa tsochaí tionchar ar bheatha daoine.

Leanadh ar aghaidh leis an saothar chun gloine neamh-fhrithchaiteach a sholáthar chun cosaint a thabhairt d’eochair-phictiúir sa bhailiúchán buan, chomh maith le caomhnú, frámáil, grianghrafadóireachta agus catalógú.

## CAOMHNÚ

Tháinig aird straitéiseach ó shealbhú Chartlann Watson ar chaomhnú an pháipéir óir go raibh glanadh, caomhnú agus athchóiriú ag teastáil ó go leor den ábhar. Fuarthas comhairle agus treoir ón Stiúideo um Chaomhnú Páipéir, agus tógadh limistéar stórála sealadach do na saothair. Chun na dearthaí cartúin pháipéir níos mó a stóráil. Ceannaíodh boscaí agus fillteáin chartlainne de ghrád iarsmalainne chun stóráil shábháilte a sholáthar.

Coinníodh le caomhnú agus athchóiriú córasach na saothar ealaíne agus na bhfrámaí den bhailiúchán buan ar feadh na bliana laistigh de shrianta an bhuiséid.

## ÉADÁLACHA LEIS AN mBAILIÚCHÁN BUAN

*Laura by the side of her Adorer* ola ar chanbhás le hAlfred Elmore (ó shaothar Byron Beppo; *A Venetian Story*).

Cúig phortráid ola ar chanbhás de mhuintir Dorman, le James Butler Brennan (ón 19ú céad).

*Erna II* le hOtto Dix, eitseáil, arna deonú ag Julia agus Anthony Neuberger, i gcuimhne ar mháthair Julia Alice Schwab

*The Daughters of William Dwyer* (1938) pictiúr ola le Sean O’Sullivan.

Dhá eitseáil le George Atkinson de Scéim na Sionainne.

*David’s Boat in Paddy Hegarty’s Boatyard*, liníocht pinn luaidhe le Laurence Hutson.

*The Nelson Monument at Castletownsend* (1815), uiscedhath leis an gCaptaen Joshua Rowley Watson.

*Eric Cross*, busta portráide i gcré-umha le Seamus Murphy, d’údar le *The Tailor and Ansty*.

*Glengarriff*, pictiúr uiscedhathach le W. A. Mulligan (1893).

*Untitled landscaped*, pictiúr le hEugene McSwiney

*Untitled Sketch* leis an ealaíontóir Sean Keating

Coimisiúnaíodh na saothair seo a leanas le Dánlann Crawford:

Kathy Prendergast *Eclipse*

Regina Carbayo *Portrait of Kate O’Brien*

## **SAOTHAIR AR IASACHT ÓN mBAILIÚCHÁN**

Choinnigh Dánlann Crawford uirthi ag éascú d’iasachtaí ón mbailiúchán buan chuig iarsmalanna agus dánlanna eile nach í. Tugadh saothair ealaíne ón (dánlann) ar iasacht shealadach lena dtaispeáint ag *Sirius Arts Centre*, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gailearaí Dhubhghlas de hÍde, Baile Átha Cliath, agus *the F.E. McWilliam Gallery and Studio*, Droichead na Banna agus *the Mall Galleries*, Londain.

Leanadh ar aghaidh le hiasachtaí fadtéarmacha na saothar ealaíne ón mbailiúchán buan ag Áras an Uachtaráin, Baile Átha Cliath, Oifig an



Ard-Mhéara, Halla na Cathrach, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Cill Áirne, Teach Fhóite agus Comhairle Baile Chloich na Coillte (Músaem Mhíchíl Uí Choileáin).

## **AN LÁITHREÁN GRÉASÁIN AGUS AN CLÁR DIGITIÚCHÁIN**

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an tionscadal chun íomhánna is grianghraif ardaifeacha de shaothair ealaíne sa bhailiúchán buan agus a chatalógú, agus táthar tar éis grianghraf a ghlacadh de gach éadail nua isteach chun bailiúchán na dánlainne.

Tá tionscadal ar siúl chun macasamhlacha a chruthú de na grianghraif a mhaireann ón 19ú céad d'fhoirgneamh agus taobh istigh den fhoirgneamh chun na híomhánna a chaomhnú do na glúnta amach romhainn.

Nuashonraítear láithreán gréasáin na dánlainne go rialta chun faisnéis a áireamh i leith taispeántais, imeachtaí agus cláir oideachais a bheidh ag teacht aníos.

## CLÁR NA dTAISPEÁNTAS SEALADACH 2015

Léiríodh i gclár na dtaispeántas sealadach de chuid Dhánlann Crawford don bhliain 2015 tiomantas na dánlainne chun aitheantas, léirmheastóireacht agus eolas ar an ealaín Éireannach agus idirnáisiúnta chomhuaineach a chothú. Agus taispeántas ann de bhailiúchán éagsúil le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta; cuireadh i láthair sa chlár smaointe agus peirspictíochtaí nua i leith na healaíne, ag tarraingt isteach cuairteoirí rialta, ach ag dul i ngleic le lucht féachana níos forleithne.

Ní bheifí in ann na taispeántais ar chur ar siúl i nDánlann Crawford de cheal an chomhoibrithe. Is ríbhunúsach é an comhshaothrú le haoi-léiritheoirí agus le healaíontóirí chun clár a chruthú arb ábhartha é do lucht féachana na Dánlainne, agus ina léirítear éagsúlacht na leasanna sa saol mór. Chonacthas i gclár na bliana 2015 beirt ealaíontóirí Éireannacha comhuaineacha a bhfuil moladh léirmheastóireachta faighte acu, chomh maith le dhá thaispeántas ealaíne stairiúla.

Ba in *Or*, taispeántas agus suiteáil saothar nua le Kathy Prendergast a chonacthas eiseamláir de thiomantas na Dánlainne don ealaín chomhaimseartha. Bhíodhas tar éis an saothar go léir a tháirgeadh sa dá bhliain roimh an taispeántas, agus dhá shaothar á gcruthú do shuiteáil shonrach do shuíomh éigin sna Gailearaithe Gibson stairiúla agus sa Ghailearaí Uachtarach. Áiríodh le cothú an tsaothair úir coimisiúnú dealbhóireachta nua le Prendergast, dar theideal *Eclipse*, a tháinig isteach i mBailiúchán an Ghailearaí ina dhiaidh sin.

Osclaíodh mórtaispeántas idirnáisiúnta an tsamhraidh *Figure/Abstract: Sean Scully* chun comhtharlú le seachtó breithlá an ealaíontóra agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí an ealaíontóra mar ealaíontóir Éireannach ar an stáitse idirnáisiúnta. I gcomhpháirtíocht le Músaem Ludwig, Koblenz, agus leis an Kunsthalle, Rostock, sa Ghearmáin; ba é *Figure/Abstract* an chéad taispeántas dá shaothair chun líníochtaí agus pictiúir fíorúla luatha a áireamh leis.

Gnóthaíodh a thuilleadh comhshaothar idirnáisiúnta sa chomhpháirtíocht le hEastát Roland Penrose chun saothair leis an té ba mhó a chuir an tOsréalachas chun cinn sa Bhreatain agus in Éirinn. Feabhsaíodh le saothair Roland Penrose an mórtaispeántas i nDánlann Crawford *The Language of Dreams: Elements of Symbolism and Surrealism in the 20<sup>th</sup> century Irish Art*. Ba cheann d'aidhmeanna an taispeántais é chun na smaointe úra a aibhsiú agus chun an t-aschur tras-disciplíneach

cruthaitheach a mhéadú i measc ealaíontóirí Éireannach a chruthaigh céadfacht amhairc a bhí oileánda ach a bhí fós ar oscailt don saol mór.

Athraíodh an gailearaí uachtarach ag tús na bliana ina shaothar ar siúl, ina ‘stiúideo caomhnaithe’ arb inrochtana don phobal é, inarbh fhéidir leis an bhfoireann éadail na cartlainne le déanaí le James Watson & Son a mheasúnú, a dhaingniú, a thaispeáint agus a aontachadh; lena mbaineann os cionn 1000 saothar ar pháipéar lena n-áirítear dearthaí, cartúin agus taifid chuntas. Cumasaíodh le hinrochtaineacht oscailte an tionscadail chartlainne idirghníomhú agus comhroinnt na faisnéise idir baill foirne agus cuairteoirí i leith scéalta pearsanta, agus na hullmhúcháin chaomhnaithe i ndáil leis an stiúideo gloine daite ar tháinig rath air in Eochail, Co. Chorcaí sna 19ú agus 20ú haoiseanna. Léirítear le bail shobhríste go leor de na saothair an gá go gcuirfí acmhainní breise ar fáil don Dánlann, chun cuid thábhachtach d’oidhreacht na hÉireann sna healaíona amhairc a chaomhnú.

Léiríodh agus seachadadh go rathúil le clár taispeántas sealadach Dhánlann Crawford ní ba mhó ná fiche tionscadal i rith na bliana 2015; agus áiríodh leo i mí na Bealtaine an chéad mhóorthaispeántas d’ealaín Éireannach thall i Londain le hos cionn tríocha bliain anuas. Ba í an tAire Heather Humphreys a d’oscail é, agus léiríodh é i gcomhoibriú leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, *Art of a Nation: - Works from the AIB & Crawford Art Gallery’s Collections*, arna thaispeáint ag na *Mall Galleries* ardchlúiteacha, inar léiríodh ardán den ealaín Éireannach ón 19ú haois anuas go dtí an lá inniu ann.

## Cartlann Watson

Eanáir 5 – Márta 28

B'ionann stiúideo gloine daite Watson agus scoth na healaíne le blianta fada. Sealbhaíodh Cartlann Watson ag ceant i mí na Nollag 2014, lenar bhain os cionn míle saothar ar pháipéar, lenar áiríodh taifid, leabhair chuntais agus ábhar eile, is léir go dteastaíonn caomhnú agus athchóiriú práinneach ó Charlann Watson.

Á chur i láthair mar shaothar ar siúil, lig an 'stiúideo caomhnaithe' sealadach, arna léiriú le Vera Ryan, do chuairoteoirí ar Dhánlann Crawford chun roinnt de na dúshláin os comhair institiúidí cultúrtha náisiúnta an lá inniu ann a léirtheiscint. Chonacthas go rathúil sa taispeántas iarracht chun tús a chur le slánú oidhreacht ealaíonta *James Watson & Son*, agus a saothar agus a gcuimhne a thabhairt ar ais i meabhair an phobail.



---

## *Our Mutual Friend: Portraiture and Genre Painting in Victorian Cork*

Eanáir 30 – Márta 28

Cruthaíodh an taispeántas sin timpeall lárshaothair de shé phortráid arbh iad muintir Dorman a dheonaigh go flaithiúil iad. Bhí dlúthbhaint ag muintir Dorman leis an oideachas, leis an bhforás teicneolaíochta agus le saol gnó agus béasna Chorcaí féin. Áiríodh leis an taispeántas freisin pictiúir thírdhreacha, muirí agus seánra lena soláthraítear cúlra agus comhthéacs do phortráidí Dorman.




---

## *Brian Dugan: The Last Day Diary*

Eanáir 23 – Márta 30

Is le hiarsma stairiúil sonrach ó Chogadh Chontae Johnson thall in Wyoming sa bhliain 1882 a spreagtar an scannán gearr ardghléine nua leis an ealaíontóir Brian Duggan, leis an aisteoir John Hurt ann. Tarraingítear macasamhlacha leis an scannán cumhachtach ach meabhrach idir shaincheisteanna comhuaineacha na himirce agus na cumhachta eacnamaíche, agus imthosca agus brúnna an chomhshamhlaithe shóisialta, idir úinéirí talún agus daoine gan talamh.



## Kathy Prendergast *OR*

Aibreán 10 – Meitheamh 13




Arna aoi-léiriú le hIngrid Swenson, (Piara, Londain) is amhlaidh a thaispeánfar an taispeántas sna Gailearaithe Gibson stairiúla, agus áireofar leo suiteáil os cionn fiche méadar ar fhad, ag taiscéaladh ceisteanna ábhartha ár linne, arna dtairiscint le hos cionn 40 smaointeoir agus tráchtairé sóisialta mór le rá. D’fhoilsigh Dánlann Crawford foilseachán mar thionlacan don taispeántas ina bhfeictear téacsanna coimisiúnaithe le hIngrid Swenson agus Tanya Harrod.

Fuair Kathy Prendergast *OR* clúdach forleathan sna meáin lenar áiríodh *The Guide (Guardian)*, *RTÉ Arena*, *The Sunday Times*, *The Irish Times*, *Visual Artists Newsletter* agus *The Irish Independent*. Fógraíodh an taispeántas freisin le hE-Flux chun lucht féachana idirnáisiúnta ní b’fhorleithne a aimsiú.

---

## Reconfigurations: Priontaí an 20ú Céad

Abireán 15 – Meitheamh 8



Agus saothair le Lucian Freud, Francis Bacon, William Scott, Pierre Soulages agus le Karel Appel i measc daoine eile ann, feicfidh an taispeántas ar phriontaíocht mar chineál ealaíne agus an réimse ábhalmhór teicníochtaí priontaíochta a bhíonn ar fáil d’ealaíontóirí chun íomhá a chruthú mar phrionta ann féin – agus ní mar chuidiú don phéintéireacht nó don líníocht. Ba é Peter Murray, an Stiúrthóir ó bhailiúchán Crawford a roghnaigh na saothair, le cúnamh grástúil ó bhailiúcháin phríobháideacha in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

---

## Displaced: Bailiúchán Alice Schwab d’Ealaín ón 20ú Céad

Aibreán 15 – Meitheamh 8



Coinníonn Dánlann Crawford uirthi ag cothú caidreamh le bailiúcháin phoiblí agus príobháideacha chun a sainchúram taispeána a leathnú don scaipeadh poiblí. Flaithiúlacht na mbailiúchán príobháideach, ar nós an rogha saothar ar pháipéar ó bhailiúchán pearsanta Liesel Rosenthal (Alice Schwab), bailitheoir mór de phriontaí Gearmánacha agus Briotanacha ó na 1920í agus na 30í, lenar áiríodh Kathe Kollwitz (1867-1945), Paul Nash (1889-1946), Anthony Gross (1905-1984) agus Carel Weight (1908-1997). Agus í ina teifeach ón nGearmáin sna 1930í, lonnigh

Schwab i Londain, mar ar thóg sí bailiúchán pearsanta den ealaín lena músclaítear cuimhní na hEorpa tar éis an chogaidh.

**Art of a Nation: Saothair ó Bhailiúcháin  
Bhainc-Aontas Éireann agus Dhánlann  
Crawford**

Bealtaine 13 - 31



Á dtaispeáint ag na Gailearaithe Mall ardchlúiteacha thall i Londain, agus ardán deas á sholáthar leo do chuairoteoirí na healaíne Éireannaí ó dheireadh an 19ú céad anuas chuig an lá inniu ann. Agus iad mar aibhsiú do dhoimhneacht shaibhir an fheabhais ealaíonta arna gcistiú le deontas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, ba í an tAire Heather Humphries a d'oscail go foirmiúil é, agus saothair ann ó Bhailiúchán Dhánlann Crawford agus Bhainc-Aontas Éireann. Thug Aidan Dunne (*The Irish Times*) faoi deara go raibh an taispeántas mar chás eisceachtúil de shaothar Éireannach ón 20ú haois'. Tháinig catalóg lándaite le léaráidí arna foilsiú ag Dánlann Crawford i dteannta leis an taispeántas. Áiríodh leis an gclúdach sna meáin *The Irish Post*, *The Irish Times*, *The Belfast Telegraph*, *The Examiner*, *The Irish Arts Review* agus *Nuacht RTÉ*.

**Verena Paravel agus Lucien Castaing-Taylor:  
Leviathan**

Aibreán 16 – Lúnasa 22



Mar chuid dá sraith leanúnach léirithe scannán, is léiriú millteanach instinníúil é *Leviathan* leis na scannánóirí Paravel agus Castaing-Taylor d'áilleacht agus bhrúidiúlacht an tsaoil mhara. Rinneadh é a scannánú ar bord soithigh loingis tráchtála, agus tarraingíonn an scannán an t-amharcóir – os cionn na farraige agus amach fúithi araon – isteach i bhfuinneamh amh an dúlra, an duine agus an innill i gcoinne a chéile sa tionscal iascaigh thráchtála. Fuarthas léargais úra ar an saothar ag Aitheasc leis na hEalaíontóirí a bhfacthas tinreamh maith air ag tús an léirithe, agus thaitin sé go mór le lucht féachana an ghailearaí.

**Vivienne Roche: Head to Head**

Bealtaine 15 – Meán Fómhair 25



Ba sa taispeántas seo, arna léiriú ag Vivienne Roche: RHA, inar tugadh le chéile saothar nua le Roche, i gcomhar le Sraith *Head* na Comhairle Ealaíon, ina bhfacthas Kathy Prendergast, Conor Fallor RHA agus Brian



Bourke agus an dá shaothar chumhachtacha le Joseph Higgins. Dhírigh Roche ar thaiscéaladh a dhéanamh ar ‘léiriú trí-thoiseach an chloiginn dhaonna le tríocha bliain anuas nach bhfacthas mórán de in Éirinn, agus chun meabhrú dúinn féin faoin gcaoi ina mbaineann dúshláin agus cúiteamh leis an dúspéis ársa sin i leith an chloiginn’. Tacaíodh leis an tionscadal ó roinnt ceardlann agus aitheasc d’ealaíontóirí.

---

## **W.B. Yeats: Muintir agus Tionchair / Taispeántas ar Líne**

Bealtaine 15 – leanúnach

Arna bhaint de bhailiúchán buan Dhánlann Crawford, chun ceiliúradh a dhéanamh ar chéad bliain agus leathchéad ó rugadh W.B. Yeats; Taiscéaltar sa taispeántas seo na naisc mhuiníteartha idir shaothair W.B. Yeats agus a dheartháir óg Jack Yeats. Féachtar sa taispeántas ar líne seo ar a gcúlra comónta agus ar na téamaí athfhillteacha a tharlaíonn síos tríd a shaothair araon. Tarraingíonn sé freisin ó na tionchair liteartha ba thairbhe do W.B. Yeats agus ó na caidrimh pholaitiúla agus sóisialta a shaothraigh sé. Arna léiriú ag Fíona Ní Bhriain agus Michelle Monks.



---

## **Seán Scully: Figure Abstract**

Meitheamh 27 – Meán Fómhair 12

Chomhtharla an céad seó riamh ag Scully i músaem i gCorcaigh lena sheachtó breithlá an 30 Meitheamh. Chonacthas sa taispeántas pictiúir agus líníochtaí ón mbliain 1964 anuas go dtí an lá inniu ann, nár léiríodh an chuid ba mhó acu riamh roimhe seo, mar rianú dá chlaohlú mar ealaíontóir síos trí na 1960í go dtí an linn seo, ina bhfacthas *Horizontal Soul* (2014), pictiúr ola ar canbhás is séadchomhartha ocht méadar ar fhad. Chun an ócáid a chomóradh, agus chun éachtaí Scully mar ealaíontóir Éireannach ar an stáitse idirnáisiúnta a cheiliúradh, chuir Dánlann Crawford an síneadh fada thar ‘a’ ar ais le ‘Seán’ d’achar *Figure / Abstract* i gCorcaigh.



Cruthaíodh an taispeántas i gcomhpháirt le Músaem Ludwig in Koblenz, agus leis an Kunsthalle in Rostock na Gearmáine; agus arna aoi-léiriú le Marc O’Sullivan agus Tina Darb O’Sullivan. Áiríodh leis an gclúdach forleathan sna meáin *The Sunday Times*, *The Irish Times*, *Culture Fox TV*, *Art Daily*, *Artlyst*, *The Examiner*. Arna chistiú le deontas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

## A Lot of Sorrow: Ragnar Kjartansson

18-19 Meán Fómhair



Ba mar chuid de na Fuaimeanna ó *A Safe Harbour Festival* arna léiriú le Bryce Dessner, a ceapadh an scannán *A Lot of Sorrow* leis an ealaíontóir Íoslannach ardmholta idirnáisiúnta Ragnar Kjartansson, agus arna fheidhmiú ag an mbanna rac-cheoil *The National*. Arna shuiteáil sa Léachtlan ba bhuaicphointe de chlár na féile a bhí sa scannán, agus thug sé lucht féachana úr do na healaíontóirí ardmholta idirnáisiúnta. Arna tháirgeadh i gcomhpháirt le *Sound from a Safe Harbour* agus le hÁras Ceoldrámaíochta Chorcaí.

---

## Paddy Jolley: The Door Ajar

Deireadh Fómhair 1 – Feabhra 13, 2016




Is mar chuid den taispeántas *The Language of Dreams* is amhlaidh a bhreithnítear sa scannán leis an ealaíontóir Éireannach Paddy Jolley (1964-2012), a bhreithnítear saothar agus beatha an fhile agus stiúrthóra amharclannaíochta Fhrancaigh Antonin Artaud (1896-1948) a raibh tionchar mór aige, trí aistear a ghlac Artaud chun na hÉireann sa bhliain 1937. Taispeánadh an saothar le buíochas d'Eastát Patrick Jolley, agus le cúnamh uaidh.

---

## The Language of Dreams: Brionglóidí agus Neamhchomhfhiús in Ealaín na hÉireann ón 20ú Céad

### Roland Penrose: Surrealist Camera

Deireadh Fómhair 2 – Feabhra 13, 2016



Arna léiriú ag Peter Murray, Stiúrthóir; b'amhlaidh a taiscéaladh sa taispeántas téama na mbrionglóidí agus an neamhchomhfheasa, ag díriú ar thionchar an Osréalachais ar ealaín na hÉireann i lár an fhichiú haois. Áirítear freisin le *The Language of Dreams* taispeántas de phriontaí grianghrafadóireacht, leis an té ba mhó laistiar den Osréalachas sa Bhreatain agus in Éirinn. *Roland Penrose: Surrealist Camera* le caoinchead *Farley's Yard Trust* thall in Sussex, mar a bhfaightear cartlanna Penrose agus Lee Miller. Tháinig foilseachán le téacsanna le Peter Murray mar thionlacan leis an taispeántas. Áiríodh leis an gclúdach sna meáin *The Sunday Times* agus *The Irish Examiner*.

---



## William Hunt: Still Yourself and Calm Your Boots

23 Deireadh Fómhair – 20 Feabhra, 2016



Arna tháirgeadh i gcomhpháirt le *PEER London*, tugadh le chéile le *Playing the Goat* dhá scannán chun teannas spéisiúil ach amscaí a chruthú don lucht féachana.

Agus é bunaithe den chuid is mór ar léiriúchán, ba mhinic a chuir Hunt cumais a cholainne faoi thriail faoi thionchar na domhantharraingthe agus fórsaí colanda géara eile, ag léiriú imthosca ina gcanann sé agus ina gcasann sé uirlisí ceoil.

Áiríodh leis an gclúdach sna meáin *The Guide* (sa *Guardian*) agus *The Sunday Times*.

---

## Doug Dubois: My Last Day at Seventeen

Samhain 10 – Márta 5, 2016



Thosaigh an taispeántas, arna tháirgeadh i gcomhpháirt le *Sirius Arts Centre* agus le tacaíocht ó *Aperture*, mar chónaitheacht ealaíontóra míosa ag *Sirius Arts Centre*, a d'fhorbair ina thionscadal chúig bliana ó 2009-2014, agus DuBois ag caitheamh mhíonna an tsamhraidh i mbaile Chóbh cois cósta i gCo.

Chorcaí. Agus é ina mheascán de phortráidí, eachtraí gan choinne, agus léiriúcháin chomhoibritheacha, is ann d'íomhánna *My Last Day at Seventeen* mar chóimheá leochaileach idir fhaisnéis agus ficsean. Féachtar sa tsraith ar ghaisciúlacht, eachtraíocht, leochaileacht agus cailliúint dhosheachanta na leanbhaoise.

Ba trí aithisc an ealaíontóra, ceardlanna scoile a thaiscéaladh téamaí an taispeántais seo a rabhthas ag súil go mór leis agus a bhí tarraingteach go poiblí, agus fuair sé clúdach cuimsitheach sna meáin lenar áiríodh *The Irish Arts Review*, *The Examiner*, *Hyperallergic*.

---

## Our Choice: Commerce and Culture

Samhain 25 – Meitheamh 30, 2016

Is taispeántas bliantúil é *Our Choice* a reáchtáiltear ag Dánlann Crawford. Tá baill foirne tar éis gach saothar ar taispeáint a roghnú, agus is in ómós

do gach comhghleacaí é an taispeántas, ag tabhairt deise dóibh chun saothar éigin a roghnú ina léirítear a gciall phearsanta féin, agus tagairt á déanamh don téama Tráchtála agus Béascna i mbliana. Tá an bailiúchán buan tar éis formhéadú chuig os cionn 3,000 saothar ó bunaíodh é. Agus sinn ag druidim leis an 200ú Bliain ó bunaíodh an Crawford, feictear aitheantas agus buíochas don bhailiúchán mar bheart iomchuí ag foireann chomhaimseartha Dhánlann Crawford. Arna léiriú le Fíona Ní Bhrian, Kathryn Coughlan agus Michelle Monks.

## CLÁR OIDEACHAIS 2015

### *Learn and Explore 2015*

**Faoi cheannaireacht Anne Boddaert agus Emma Klemencic, is gné lárnach den institiúid é *Learn and Explore Programme* ag Dánlann Crawford. Is iad na haidhmeanna atá leis:**

1. Chun feasacht a spreagadh i leith na hacmhainne oideachasúla saibhre a bhaineann leis an mBailiúchán Buan agus leis an gclár taispeántais sealadach.
2. Chun spreagadh a thabhairt don rannpháirteachas agus do bhreithmheas bríomhar leis an mBailiúchán agus leis an gclár taispeántais trí ghníomhaíochtaí agus tionscadail oideachasúla sa mhúsaem, agus de réir mar is féidir an rannpháirteachas a shíneadh chuig tionscadail for-rochtana.
3. Chun an dea-chleachtas a chur chun cinn san oideachas bunaithe sa dánlann.
4. Chun freagairt do thionscnaimh san oideachas ó na ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí eile ar nós Chomhairle Chathair Chorcaí, mar shampla Féile na Bealtaine ar fud na tíre nó féile lár an tsamhraidh i gCorcaigh.

### **Achoimre gníomhaíochtaí Oideachais Dhánlann Crawford 2015**

#### ***Clár Leanúnacha***

#### **Clár na gCuairteanna Treoraithe**

I dteannta le turais a sholáthar sa bhliain 2015 a bhí saincheaptha ina n-aonar do ghrúpaí (réamh)-scoile, coláistí, pobail agus turasóireachta, tá foireann Oideachais na Dánlainne tar éis coinneáil orthu ag cothú caidreamh le grúpaí ar minic a fheiceann a mbaill bacainní chun rochtain a fháil ar na healaíona laistigh dá bpobal (m.sh. NCBI Chorcaí, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, *Age & Opportunity*).

#### **Head to Head**

Bhuail an t-ealaíontóir agus an léiritheoir Vivienne Roche: le grúpaí bunscoile agus iar-bhunscoile chun na próisis taispeántais agus dealbhóireachta a thaiscéaladh.

## **Clár na nDéagóirí**

Trí bhloc deich seachtaine ar chostas íseal: ullmhú pórtfóilióin, an líníocht agus grianghrafadóireacht/clóbhualadh mionphoill ar óicheanta Déardaoine.

## **Ranganna Ealaíne ar an Satharn do Dhaoine Óga**

Trí bhloc deich seachtaine ag taiscéaladh na healaíontóireachta sa dánlann. Bíonn ró-éileamh ar na ranganna go leanúnach.

## **Ceardlanna Beochana an tSamhraidh**

Tugtar deis do leanaí leis na ceardlanna an-choitianta agus a mbíonn ró-éileamh orthu chun beochan stop-dúiseachta a chruthú le linn trí champa ealaíne ar feadh seachtaine.

## **BEAG – Grúpa Luathshaothrú na nEalaíon**

Thacaigh Foireann Oideachais na Dánlainne leis an gclár luathóige sin arna fhorbairt ag *Graffiti Theatre Company* le tacaíocht ó Chomhairle Chathair Chorcaí, TULSA agus ón FSS, laistigh den dánlann, le seisiúin saora in aisce do theaghlaigh le leanaí óga.

## **Cumann Déardaoine**

Agus é ar oscailt d'aoisigh, baineann turas le healaíontóir gairmiúil, tae/caifé agus comhphlé agus seisiún ealaíontóireachta ina dhiaidh leis an gclár rochtana seo. Is ar an taiscéaladh agus an taitneamh a dhírítear an aird. Reáchtálann foireann Dhánlann Crawford dhá chlár in aghaidh na bliana. B'éigean córas liosta feithimh a chur chun feidhme de bharr an éilimh mhóir ar ionaid.

## **Dánlann Crawford agus Arts+Minds**

Cumasaítear leis an tionscadal rannpháirtíochta d'aoisigh le meabhair-ghalar chun freagairt agus cruthú laistigh den dánlann.

## **For-Rochtain Pobail le Tionscadal Forbartha Pobail Bhaile Féitheán**

Thacaigh foireann Dhánlann le clár líníochta sa scoil áitiúil, le cuairteanna chun na dánlainne agus le seisiúin phraiticiúla, ina ndearna grúpa idirghlúnta tíleanna ceirmeacha.

## Clár Lonradh

Is uathúil é an clár seo, mar an t-aon chlár rochtana dánlainne fadtéarmacha do dhaoine le néaltrú agus dá gcúramóirí faoin tuath. Tarlaíonn na seisiúin faoi dhó in aghaidh na míosa; is saor in aisce é an clár agus tacaíocht dó ón gCumann Alzheimer agus ón FSS.

## Clár na Bealtaine

Agus an chruthaitheacht á ceiliúradh san aois mhór mar chuid d'fhéile náisiúnta na Bealtaine, fiosraíodh mar chuid de thuras dánlainne saincheaptha agus ceardlann rochtana oscailte na téamaí '(un)covering / (re)discovering'.

## Lá Náisiúnta na Líníochta

Ceiliúradh lae den líníocht faoi cheannaireacht bheirt ealaíontóirí gairmiúla in ionaid éagsúla ar fud an fhoirgnimh

## Comhdháil ATAI

Bhí ionadaíocht ag an Dánlann ag comhdháil bhliantúil náisiúnta na n-oidí ealaíne i mBaile Átha Luain.

## 12ú Féile Chorcaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

Díríodh clár na bliana 2015 ar bhailiúchán gloine daite Dhánlann Crawford, le béim faoi leith ar na cartlanna a sealbhaíodh le déanaí de chuid *James Watson and Son*. Míníodh na teicníochtaí traidisiúnta don ghloine dhaite ar nós na heitseála, na spásála luaidhe agus na péintéireachta. Bhí an deis ag na rannpháirtithe chun roinnt de na teicníochtaí úd a spreagadh agus chun bualadh le ceardaithe áitiúla.

## Seachtain oidhreacht 2015

*Meta-perceptual helmets*: Thug foireann na Dánlainne cuireadh do chuairteoirí chun a réamhthuaisrí a chur ar leataobh agus féachaint ar an saol trí "*Meta-perceptual Helmets*" le Cleary & Connolly. Bhí an deis ag cuairteoirí chun féachaint ar an dánlann agus clogaid réaltachta fíorúla orthu, mar chuid de thuras comhoibritheach le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

## Lá Oscailte Oidhreacht Chorcaí

Chomhshaothraigh foireann na Dánlainne le *Cork Printmakers* chun trí cheardlann déanta priontaí a sholáthar laistigh den dánlann (ar oscailt do gach aois).

## Oíche Chultúir 2015

Lig na turais saora in aisce do chuairteoirí chun mearthurais a chaitheamh sa dánlann, bhí an-spraoi ann leis na *Not Nice Portraits*; ar dheis iad chun portráid le healaíontóir gairmiúil a thabhairt abhaile leo. Chruthaigh na healaíontóirí GASP tóraíocht taisce teaghlaigh, agus lig na scáthscáileáin agus na teilgin do leanaí chun gach sórt scáthphortráidí agus scáthchruthanna a chruthú.

## Tionscnaimh Úra sa bhliain 2015

### *Discovery Days* mar chuid d'ARTiculation

Ba i gcomhar le *Lismore Castle Arts - ARTiculation Ireland (The Roche Court Educational Trust UK)* a thacaigh an dánlann le sraith *Discovery Days*; saor in aisce d'iar-bhunscoileanna, ag soláthar foirne uirlisí do dhéagóirí chun saothar ealaíne roghnaithe a léirmhíniú go héifeachtach agus chun a dtorthaí a chur in iúl do lucht féachana den aois chéanna leo.



## Clár Rochtana Óige

Ba thiar sa bhliain 2015 a chuir foireann Dhánlann Crawford tús le clár *Rochtana Óige* spreagúil sa Dánlann. Le cabhair deontais ón gCrannchur Náisiúnta, ba shaor in aisce é an clár píolótach sin. Díríodh na chéad cheardlanna i mí Feabhra agus an Mhárta ar an dealbhóireacht. Díríodh na ceardlanna i míonna Aibreáin agus na Bealtaine ar dhéanamh priontaí. Chuaigh an fhoireann i mbun cláir cheithre seachtaine i mí Mheán



Fómhair a bhí saincheaptha d'éilimh na daltaí ó CBS Pháirc na bhFianna. (Tá tuairisc iomlán ar fáil).

### ***DISPLACED: Bailiúchán Alice Schwab d'Ealaín ón 20ú Céad***

#### **Clár píolótach nua sa bhliain 2015 le mná a chónaíonn sa soláthar díreach**

Le tacaíocht ó the *Wallaroo Child and Family Health Project* HSS, thug an dánlann cuireadh d'aosaigh a chónaíonn i gcóiríocht an tsoláthair dhírigh laistigh de Chorcaigh chun cuairt a thabhairt ar an dánlann agus chun oibriú le healaíontóirí chun saothair ealaíne monaíphrionta a chruthú. Tháinig cuairteanna for-rochtana ón gcéad teagmháil sin, agus forbairt banghrúpa teicstíle leanúnaigh ag obair le hamharc-ealaíontóir laistigh den dánlann.



Cheadaigh méadú beag i gcistiú na FSS dúinne chun an clár a fhormhéadú le seisiúin for-rochtana ag Barda Naomh Seosamh agus ag caifé Alzheimer Chorcaí istigh in Ospidéal Naomh Fionnbarra.



## Comórtas scríbhneoireachta

Mar cheiliúradh ar fhoilsiú *Three Centuries of Irish Art*, sheol an dánlann comórtas scríbhneoireachta nua. Cuireadh an fhoireann Oideachais trína chéile leis an bhfreagra coitianta. Taispeánadh téacsanna buacacha sa dánlann agus tacaíodh le léitheoireachtaí poiblí.

## Ealaíontóirí GASP cónaitheacha

Clár Stiúideo Ealaíontóirí an Ghlaisín: grúpa ealaíontóirí le míchumais ag obair i suíomhanna stiúideo le tacaíocht. Oibríonn na healaíontóirí laistigh den dánlann ar bhunús seachtainiúil.

## MARGAÍOCHT DHÁNLANN CRAWFORD

D'fhorhódaigh an Dánlann a próifíl mhargaíochta go mór ó thús go deireadh na bliana 2015, ach réimse éagsúil taispeántas a léiriú, ag tabhairt chun cinn saothar ón mbailiúchán buan trí thaispeántais ar nós “*Our Choice*” agus “*The World of W.B. Yeats*”. Forbraíodh straitéisí sna meáin sóisialta, chun próifíl na Dánlainne ar Facebook, Twitter agus ar ardáin eile a mhéadú. Thug clár léachtaí na gCairde cúnamh freisin le margaíocht na Dánlainne. Ba dhearfach amach is amach é freagra na meán do chlárúchán agus oibríochtaí na Dánlainne. Leantear ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú láithreáin ghréasáin na Dánlainne, le gnéithe breise á gcur leis ag aibhsiú gnéithe den chlárúchán Oideachais agus Taispeántas, chomh maith le stair na healaíne Éireannaí.

## CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD

Chistigh Cairde Dhánlann Crawford frámáil *Phortráid Kate O'Brien*, líníocht le Regina Carbay, atá ar taispeántas i láthair na huaire i bpríomh-halla na dánlainne. Thug na Cairde ranníocaíocht freisin leis an gcatalóg do thaispeántas *The Language of Dreams* agus do láithreoireacht *The Door Ajar* le Patrick Jolley, scannán a bhí bunaithe ar bheatha Antonin Artaud.

Áiríodh le clár cuairteanna na gCairde ar thithe oidhreacht agus ar mhúsaeim sa bhliain 2015 turais chuig an nGailearaí Náisiúnta, ar Óstán Bhaile na Martra (chun féachaint ar Bhailiúchán Portráidí Shannon), ar Theach Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, ar Theach Fhóite, agus ar COC. Thug na cairde cuairt i mí Dheireadh Fómhair ar an bPortaingéil, agus Liospóin, Cascais, Estoril, Sintra agus Evora mar chuid den aistear.



Cuireadh tús le clár léachtaí na gCairde san Earrach le Vera Ryan, Léiritheoir Chartlann Ceardlainne James Watson, ag tabhairt aithisc ar éadail nua na dánlainne, Cartlann Watson. Labhair Rachel Moss, léachtóir ag Coláiste na Tríonóide agus údar, ina dhiaidh sin i leith an bhéascna amhairc in Éirinn sna Meánaoiseanna. Agus comóradh dhá chéad bhliain ó rugadh Alfred Elmore ann, thug an Dr. Julian Campbell athmheasúnú ar an ealaíontóir a rugadh i gCorcaigh. Agus comóradh chéad bliain ó fuair Hugh Lane bás ann, thug Barbara Dawson, Stiúrthóir, Gailearaí Hugh Lane, aitheasc uaithi i leith rannchur Lane leis na hamharc-ealaíona in Éirinn. Thug Patrick Quigley, údar agus beathaisnéisí, léacht uaidh i leith Casimir agus Constance Markievicz thall san Úcráin.

Cuireadh tús leis an tsraith léachtaí san Fhómhar le léacht i leith Ard-Eaglais Chartres ón Dr. Angela Ryan. Tháinig léacht sna sála air sin ón Dr. Nicola Boew i leith an ealaíontóra gloine date Éireannaigh Wilhelmina Geddes. Thug Dickon Hall aitheasc uaidh dar theideal *“Unexpected City: Surrealism emerging from Belfast in the 1930’s and 1940’s”*. Thug an Dr. Diarmuid Scully ó COC aitheasc uaidh i leith *“Íomhánna na hÉireann agus na nÉireannach i Léarscáileanna agus Lámhscríbhinní Sasanacha na Meánaoiseanna”*. Ba chomhláithreoireacht a bhí i léacht deiridh na gCairde le Kevin Rutledge agus Michael Waldron faoin gcomóradh chéad bliain ó rugadh Patrick Hennessy *“Dreaming Realisms.”*

## LÍON na gCUAIRTEOIRÍ

Dánlann Crawford	Eanáir go Nollaig 2015	Eanáir go Nollaig 2014
	175,902	163,887